
An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# HIPITÉISÍ A FHIOSRÚ




Cuireadh roinnt cáithníní a bhí imoibríoch go ceimiceach isteach i gcoimeádán imoibrithe. Cuireadh stad ansin leis an ríomhionsamhlú agus cuireadh an cheist seo a leanas:



Cén éifeacht a bheadh leis an teocht a ardú laistigh den choimeádán?

Iarradh ar scoláirí hipitéis a cheapadh roimh dhul ar aghaidh.

## Hipitéisí Scoláirí

1. Éireoidh sé níos teo.
2. Bogfaidh na cáithníní níos tapúla de bharr go bhfuil níos mó fuinnimh acu
3. Chun an teocht a ardú, ní mór duit an teas a ardú laistigh den choimeádán. Is cineál fuinnimh é an teas, agus athrófar an fuinneamh teasa seo ina fhuinneamh cinéiteach sna móilíní gáis agus bogfaidh siad thart níos tapúla.
4. Éireoidh fuinneamh cinéiteach na gcáithníní níos mó.
5. Gluaisfidh na cáithníní níos tapúla.
6. Nuair a ghluaisfidh na páirteagail níos tapúla beidh líon níos mó imbhuailtí ann agus mar sin de imoibreoidh na páirteagail go léir.

**Táimid ag fiosrú cad is hipitéis mhaith ann.**


Socraigh cén ceann de na hipitéisí thuas is fearr dar leat agus luaigh CAD É atá maith fúithi. Cén hipitéis is laige dar leat agus CÉN FÁTH?

Is Ionsamhlú ar Ríomhaire é PHET. Is ionsamhlú idirghníomhach ar Rátaí Imoibrithe atá anseo: https://phet.colorado.edu/en/simulation/reactions-and-rates

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# HIPITÉISÍ A FHIOSRÚ




Cuireadh sóchán géiniteach (coinín donn) i measc daonra de choiníní bána. Cuireadh stad ansin leis an ríomhionsamhlú agus cuireadh an cheist seo a leanas:



Cén éifeacht a bheith ar líon na gcoiníní ó cuireadh an coinín donn ina measc, thar an chéad chúpla glúin eile?

Iarradh ar scoláirí hipitéis a cheapadh roimh dhul ar aghaidh.

## Hipitéisí Scoláirí

1. Sa deireadh beidh níos mó coiníní donna ann ná coiníní bána ós géin cheannasach í an ceann donn.
2. Ó atáirgeann na coiníní uile ag an ráta céanna beidh níos mó coiníní bána ann i gcónaí ná coiníní donna, ós rud é go bhfuil níos mó coiníní bána ann ón tús.
3. Gabhfaidh na coiníní donna seilbh agus imeoidh na coiníní bána as.
4. Beidh coiníní donna ann i gcuideachta coiníní bána ó tharla nach buntáiste mór ar bith é a bheith donn.
5. Fanfaidh an líon coiníní mar atá ó tharla go bhfaighidh roinnt coiníní bás agus go dtiocfaidh cinn eile ar an saol.

**Táimid ag fiosrú cad is hipitéis mhaith ann.**

Socraigh cén ceann de na hipitéisí thuas is fearr dar leat agus luaigh CAD É atá maith fúithi. Cén hipitéis is laige dar leat agus CÉN FÁTH?

Is Ionsamhlú ar Ríomhaire é PHET. Is ionsamhlú idirghníomhach ar Rogha Nádúrtha atá anseo: https://phet.colorado.edu/en/simulation/natural-selection